



---

*an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta*

---

**2023/0208(COD)**

11.1.2024

**\*\*\*I**

## **DRÉACHT-TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlíthairiscint nótaí bainc agus monaí euro (COM(2023)0364 – C9-0216/2023 – 2023/0208(COD))

an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir don tuairim: Stefan Berger

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

# CLÁR

## Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
---	---



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlíthairiscint nótaí bainc agus monaí euro (COM(2023)0364 – C9-0216/2023 – 2023/0208(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0364),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 133 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0216/2023),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2024),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
  2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(4a) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le hoibleagáidí íocaíochta as a n-eascraíonn fiacha airgid atá le socrú in airgead tirim. Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le híocaíochtaí le haghaidh earraí nó seirbhísí a cheannaítear go cianda,***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(7) D'fhonn cur chun feidhme éifeachtach a dhéanamh ar a n-oibleagáid chun rochtain atá leordhóthanach agus éifeachtach ar airgead tirim a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar an leibhéal rochtana ar airgead tirim ar fud a gcríoch, ina réigiúin éagsúla uile, lena n-áirítear limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha, ar bhonn comhtháscairí lena bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir na Ballstáit. D'fhéadfaí a áireamh ar chomhtháscairí tosca a dhéanann difear don rochtain ar airgead tirim, amhail dlús pointí rochtana ar airgead tirim i ndáil le daonra, coinníollacha maidir le haistarraingt agus cur i dtaisce, lena n-áirítear táillí, gur ann de líonraí éagsúla ag a bhfuil módúlachtaí rochtana éagsúla do chustaiméirí, éagsúlachtaí tuaithe-uirbeacha agus socheacnamaíocha, agus deacrachtaí rochtana do ghrúpaí daonra áirithe. Más rud é, i bhfianaise a measúnaithe, go meastar go bhfuil an rochtain ar airgead tirim leordhóthanach agus éifeachtach ina gcríoch, ní bheadh ar na Ballstáit bearta sonracha a ghlacadh i ndáil lena n-oibleagáid faoi seach. Bheadh orthu leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an gcás, áfach. I gcás ina gcinnfidh Ballstát nach bhfuil an rochtain ar airgead tirim leordhóthanach ná éifeachtach ina chríoch iomlán nó i gcuid di, nó go bhfuil sé i mbaol dul in olcas in éagmais gníomhaíochta, ba cheart bearta feabhais iomchuí a dhéanamh chun an cás a leigheas, amhail ceanglais rochtana

*Leasú*

(7) D'fhonn cur chun feidhme éifeachtach a dhéanamh ar a n-oibleagáid chun rochtain atá leordhóthanach agus éifeachtach ar airgead tirim a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar an leibhéal rochtana ar airgead tirim ar fud a gcríoch, ina réigiúin éagsúla uile, lena n-áirítear limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha, ar bhonn comhtháscairí lena bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir na Ballstáit. D'fhéadfaí a áireamh ar chomhtháscairí tosca a dhéanann difear don rochtain ar airgead tirim, amhail dlús pointí rochtana ar airgead tirim i ndáil le daonra, coinníollacha maidir le haistarraingt agus cur i dtaisce, lena n-áirítear táillí, gur ann de líonraí éagsúla ag a bhfuil módúlachtaí rochtana éagsúla do chustaiméirí, éagsúlachtaí tuaithe-uirbeacha agus socheacnamaíocha, agus deacrachtaí rochtana do ghrúpaí daonra áirithe. Más rud é, i bhfianaise a measúnaithe, go meastar go bhfuil an rochtain ar airgead tirim leordhóthanach agus éifeachtach ina gcríoch, ní bheadh ar na Ballstáit bearta sonracha a ghlacadh i ndáil lena n-oibleagáid faoi seach. Bheadh orthu leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an gcás, áfach. I gcás ina gcinnfidh Ballstát nach bhfuil an rochtain ar airgead tirim leordhóthanach ná éifeachtach ina chríoch iomlán nó i gcuid di, nó go bhfuil sé i mbaol dul in olcas in éagmais gníomhaíochta, ba cheart bearta feabhais iomchuí a dhéanamh chun an cás a leigheas, amhail ceanglais rochtana

tíreolaíochta maidir le soláthraithe seirbhíse íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí aistarraingthe airgid thirim chun seirbhísí airgid thirim a choinneáil ag líon leordhóthanach dá n-oifigí brainse ina ndéanann siad gnó, nó trí ghníomhaire ceaptha d'institiúidí creidmheasa ar líne amháin, nó dlús leordhóthanach d'uathmheaisíní bainc (UMBanna) ina ndéanann siad gnó ag cur san áireamh scaipeadh geografach leathan i ndáil le daonra, agus ag cur san áireamh an fhéidearthacht maidir le UMBanna a chomhthiomsú. D'fhéadfaí a áireamh ar bhearta feabhais eile moltaí a dhíríonn ar institiúidí neamhchreidmheasa, amhail oibreoirí UMB neamhspleácha, miondíoltóirí nó oifigí poist, a spreagadh chun cur le seirbhísí airgid thirim na mbanc.

tíreolaíochta maidir le soláthraithe seirbhíse íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí aistarraingthe airgid thirim chun seirbhísí airgid thirim a choinneáil ag líon leordhóthanach dá n-oifigí brainse ina ndéanann siad gnó, nó trí ghníomhaire ceaptha d'institiúidí creidmheasa ar líne amháin, nó dlús leordhóthanach d'uathmheaisíní bainc (UMBanna) ina ndéanann siad gnó ag cur san áireamh scaipeadh geografach leathan i ndáil le daonra, agus ag cur san áireamh an fhéidearthacht maidir le UMBanna a chomhthiomsú. D'fhéadfaí a áireamh ar bhearta feabhais eile moltaí a dhíríonn ar institiúidí neamhchreidmheasa, amhail oibreoirí UMB neamhspleácha, miondíoltóirí nó oifigí poist, a spreagadh chun cur le seirbhísí airgid thirim na mbanc. ***Chun faireachán ag na Ballstáit a éascú, ba cheart do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta agus do sholáthraithe UMB fógra a thabhairt i scríbhinn dá n-údarás inniúil náisiúnta maidir le dúnadh gach UMB nó brainse bainc agus measúnú a chomhroinnt i dtaobh an bhfuil an rochtain leordhóthanach agus éifeachtúil ar airgead tirim fós ráthaithe mar a shainítear sna comhtháscairí. I gcás nach leor agus nach éifeachtach an leibhéal rochtana ar airgead tirim, ba cheart don soláthraí atá freagrach as an dúnadh bearta a dhéanamh chun an cás sin a leigheas.***

Or. en

## Leasú 3

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 9

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(9) Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a dhíríonn ar Bhallstát sonracha i gcás ina ndealraítear go bhfuil na bearta atá molta ag an mBallstát sin

*Leasú*

(9) Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a dhíríonn ar Bhallstát sonracha i gcás ina ndealraítear go bhfuil na bearta atá molta ag an mBallstát sin

neamh-leordhóthanach, nó i gcásanna ina bhfuil, in ainneoin chinntí na tuarascála bliantúla a sheol an Ballstát sin, dochar á dhéanamh ag eisiaimh ex ante aontaobhacha airgid thirim don phrionsabal maidir le glacadh éigeantach le híocaíochtaí i nótaí bainc agus monaí euro agus/nó i gcás nach bhfuil an rochtain ar airgead tirim leordhóthanach ná éifeachtach. Chun gníomh cur chun feidhme den sórt sin a dhéanamh d'fhéadfaí go gceanglófaí ar an mBallstát lena mbaineann bearta a dhéanamh amhail na cinn a leagtar amach in aithrisí 7 agus 8, nó bearta a measadh a bheith éifeachtach i mBallstáit eile chun a áirithiú nach ndéantar dochar don phrionsabal maidir le glacadh éigeantach le híocaíochtaí in airgead tirim ná don phrionsabal maidir le rochtain leordhóthanach agus éifeachtach ar airgead tirim.

neamh-leordhóthanach, nó i gcásanna ina bhfuil, in ainneoin chinntí na tuarascála bliantúla a sheol an Ballstát sin, dochar á dhéanamh ag eisiaimh ex ante aontaobhacha airgid thirim don phrionsabal maidir le glacadh éigeantach le híocaíochtaí i nótaí bainc agus monaí euro agus/nó i gcás nach bhfuil an rochtain ar airgead tirim leordhóthanach ná éifeachtach. Chun gníomh cur chun feidhme den sórt sin a dhéanamh d'fhéadfaí go gceanglófaí ar an mBallstát lena mbaineann bearta a dhéanamh amhail na cinn a leagtar amach in aithrisí 7 agus 8, nó bearta a measadh a bheith éifeachtach i mBallstáit eile chun a áirithiú nach ndéantar dochar don phrionsabal maidir le glacadh éigeantach le híocaíochtaí in airgead tirim ná don phrionsabal maidir le rochtain leordhóthanach agus éifeachtach ar airgead tirim. ***Agus na gníomhartha cur chun feidhme sin á n-ullmhú aige, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach.***

Or. en

Leasú 4

### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 11**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

***(11) Chun a áirithiú go bhféadfaí eisceachtaí breise ón nglacadh éigeantach le hairgead tirim in euro a thabhairt isteach ag céim níos déanaí má éilítear orthu, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlónadh trí eisceachtaí breise a thabhairt isteach i ndáil leis an bprionsabal maidir le glacadh éigeantach le híocaíochtaí don limistéar euro ina iomláine. Ní fhéadfaidh an Coimisiún eisceachtaí breise den sórt sin a ghlacadh ach amháin má tá gá leo, más rud é go***

*Leasú*

***scriosta***



*bhfuil siad i gcomhréir lena aidhm, agus má dhéanann siad éifeachtacht stádas dlíthairisceana an airgid thirim in euro a chosaint. Ba cheart an chumhacht a thugtar don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le heisceachtaí breise ón nglacadh éigeantach le hairgead tirim in euro a thabhairt isteach a bheith gan dochar don fhéidearthacht do na Ballstáit, de bhun a gcumhachtaí féin i réimsí ina bhfuil inniúlacht arna roinnt, chun glacadh le reachtaíocht náisiúnta lena dtugtar isteach eisceachtaí do ghlacadh éigeantach a eascraíonn as an dlíthairiscint i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa bhreithiúnas i gCásanna Uamtha C-422/19 agus C-423/19. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrath, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.*

Or. en

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 11 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(11a) Ní raibh cleachtais aontaobhacha, amháil neamhghlacadh le híocaíochtaí airgid ag eintitis phoiblí, lena n-áirítear ospidéal phoiblí agus músaeim phoiblí, ina nósanna imeachta rialaithe maidir le socrú oibleagáidí airgid dá bhforáiltear i ndlí náisiúnta Ballstáit. Ba cheart a mheas gur eisiaimh ex ante aontaobhacha airgid thirim iad.**

Or. en

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 12 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(12a) Chun a áirithiú go mbainfidh daoine agus gnólachtaí leas as líonra inghlacthachta forleathan agus go mbeidh siad in ann an euro digiteach a úsáid go héifeachtach ina n-íocaíochtaí ó lá go lá, níor cheart d'íocaithe atá faoi réir glacadh sainordaitheach íocaíochtaí in euro digiteach íocaíochtaí in airgead tirim a eisiaimh go haontaobhach trí théarmaí conarthacha nár caibidlíodh ar leithligh ná trí chleachtais tráchtála.**

Or. en

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4. ciallaíonn ‘**eisiaimh** ex ante aontaobhacha airgid thirim’ cás ina n-eisiann miondíoltóir nó soláthraí seirbhíse go haontaobhach airgead tirim mar mhodh íocaíochta mar shampla trí fhógra a chrochadh a bhfuil ‘ní ghlactar le hairgead

4. ciallaíonn ‘**eisiaimh** ex ante aontaobhacha airgid thirim’ cás ina n-eisiann miondíoltóir nó soláthraí seirbhíse go haontaobhach airgead tirim mar mhodh íocaíochta mar shampla trí fhógra a chrochadh a bhfuil ‘ní ghlactar le hairgead

tirim anseo' scríofa air. Sa chás sin, ní aontaíonn an t-íocóir agus an t-íocaí ar mhodh íocaíochta maidir le ceannach;

tirim anseo' scríofa air **nó trí chonradh caighdeánach réamhfhoirmithe a úsáid.** Sa chás sin ní aontaíonn an t-íocóir agus an t-íocaí ar mhodh íocaíochta maidir le ceannach;

Or. en

## Leasú 8

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) i gcás, roimh an íocaíocht, inar chomhaontaigh an t-íocaí agus an t-íocóir maidir le modh íocaíochta éagsúil.

*Leasú*

(b) i gcás, roimh an íocaíocht, inar chomhaontaigh an t-íocaí agus an t-íocóir maidir le modh íocaíochta éagsúil, **i gcomhréir le hAirteagal 5a.**

Or. en

## Leasú 9

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Chun críocha phointe (b), beidh an dualgas cruthúnais ar an íocaí a bhunú go raibh comhaontú den sórt sin ann cheana maidir le cás ar leith.**

Or. en

## Leasú 10

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

#### *Airteagal 5a*

**Toirmeasc ar eisiaimh ex ante aontaobhacha airgid thirim**

**Ní úsáidfidh íocaithe atá faoi réir na hoibleagáide glacadh le nótaí bainc agus**

*monaí euro téarmaí conarthacha nár caibidlíodh ar leithligh ná le cleachtais tráchtála, lena n-áirítear fógraí a bhfuil ‘ní ghlactar le hairgead tirim anseo’ scríofa orthu, a bhfuil sé mar chuspóir nó d’éifeacht acu úsáid nótaí bainc agus monaí euro ag íocóirí fiachais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro a eisiamh. Ní bheidh téarmaí conarthacha ná cleachtais tráchtála den sórt sin ina gceangal ar an íocóir. Measfar nár caibidlíodh téarma conarthach ar bhonn indibhidiúil i gcás inar dréachtaíodh é roimh ré agus i gcás, dá bhrí sin, nach raibh an t-íocóir in ann tionchar a imirt ar shubstaint an téarma, go háirithe i gcomhthéacs conartha chaighdeánaigh réamhcheaptha.*

Or. en

Leasú 11

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 6***

*scriosta*

***Eisceachtaí breise ón bprionsabal maidir le glacadh éigeantach le nótaí bainc agus monaí euro de chineál an dlí airgeadaíochta***

***Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 10, trí eisceachtaí breise de chineál an dlí airgeadaíochta ón bprionsabal maidir le glacadh éigeantach a shaináithint. Beidh údar maith leis na heisceachtaí sin ó chuspóir leasa phoiblí agus beidh siad comhréireach leis an aidhm sin, ní dhéanfaidh siad dochar d’éifeachtúlacht stádas dlíthairisceana airgid thirim in euro, agus níor cheart iad a cheadú ach amháin ar choinníoll go bhfuil bealaí eile ar fáil chun fiachas airgeadaíochta a íoc. Agus na***

***gníomhartha tarmligthe sin á n-ullmhú  
aige, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle  
leis an mBanc Ceannais Eorpach.***

Or. en

## **Leasú 12**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 8 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit rochtain leordhóthanach agus éifeachtach ar airgead tirim ar fud a gcríoch, ina réigiúin éagsúla uile, lena n-áirítear limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha. Chun rochtain leordhóthanach agus éifeachtach ar airgead tirim a áirithiú, déanfaidh na Ballstáit faireachán ar an rochtain ar airgead tirim ar fud a gcríoch, ina réigiúin éagsúla uile, lena n-áirítear limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha, ar bhonn comhtháscairí a ghlac an Coimisiún agus déanfaidh siad measúnú ar an gcás.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit rochtain leordhóthanach agus éifeachtach ar airgead tirim ar fud a gcríoch, ina réigiúin éagsúla uile, lena n-áirítear limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha. Chun rochtain leordhóthanach agus éifeachtach ar airgead tirim a áirithiú, déanfaidh na Ballstáit faireachán ar an rochtain ar airgead tirim ar fud a gcríoch, ina réigiúin éagsúla uile, lena n-áirítear limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha, ar bhonn comhtháscairí a ghlac an Coimisiún, ***arna n-ualú de réir táscairí náisiúnta aonair a bhaineann le héileamh náisiúnta ar airgead tirim***, agus déanfaidh siad measúnú ar an gcás. ***Déanfaidh comhtháscairí measúnú ar na critéir seo a leanas ar a laghad:***

Or. en

## **Leasú 13**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 8 – mír 1 – pointe a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

***(a) rochtain ar UMBanna lena n-áirítear an t-achar geografach de bhóthar agus iompar poiblí agus líon na UMBanna i ndáil le dlús daonra;***

Or. en

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 8 – mír 1 – pointe b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(b) infhaighteacht UMBanna le haghaidh taiscí airgid agus maoiniú airgid do chuntais euro dhigitigh;**

Or. en

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 8 – mír 1 – pointe c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(c) infhaighteacht nótaí bainc de luachanna éagsúla ag UMBanna;**

Or. en

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 8 – mír 1 – pointe d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(d) infhaighteacht seirbhísí airgid thar an gcuntar lena n-áirítear uaireanta oscailte brainsí bainc;**

Or. en

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 8 – mír 1 – pointe e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(e) inrochtaineacht UMBanna agus brainsí bainc i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/882; agus**

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 8 – mír 1 – pointe f (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(f) na muirir ar sheirbhísí airgid ag  
UMBanna agus thar an gcuntar.**

Or. en

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 8 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1a. Soláthraithe UMB agus  
soláthraithe seirbhísí íocaíochta a bhfuil  
sé ar intinn acu brainse bainc nó UMB a  
dhúnadh, déanfaidh siad measúnú  
tionchair mionsonraithe bunaithe ar na  
comhtháscairí chun a áirithiú go ráthófar  
rochtain leordhóthanach agus  
éifeachtach ar airgead tirim i gcónaí tar  
éis dhúnadh brainse bainc nó UMB.  
Tabharfaidh siad fógra i scríbhinn dá n-  
údarás inniúil náisiúnta maidir lena  
gcuid torthaí. I gcás nach leor agus nach  
éifeachtach an leibhéal rochtana ar  
airgead tirim, déanfaidh an soláthraí atá  
freagrach as an dúnadh bearta chun an  
cás sin a leigheas.**

Or. en

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 9 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Chun críocha Airteagail 7 agus 8,

2. Chun críocha Airteagail 7 agus 8,

glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bhfuil feidhm ghinearálta leo maidir le sraith de chomhtháscairí a **úsáidfidh** na Ballstáit chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar ghlacadh le híocaíochtaí in airgead tirim agus ar **an rochtain ar** airgead tirim ar a **gcríoch**, ina réigiúin éagsúla uile, lena n-áirítear limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin [laistigh de X mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 11. Agus na gníomhartha cur chun feidhme sin á n-ullmhú aige, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach.

glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bhfuil feidhm ghinearálta leo maidir le sraith de chomhtháscairí a **ndéanfaidh** na Ballstáit **orthu, in éineacht le comhtháscairí náisiúnta aonair**, chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar ghlacadh le híocaíochtaí in airgead tirim agus ar **soláthair** airgead tirim **i gcomhréir leis an éileamh** ar **fud** a **geríche**, ina réigiúin éagsúla uile, lena n-áirítear limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin [laistigh de X mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 11. Agus na gníomhartha cur chun feidhme sin á n-ullmhú aige, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach.

Or. en

## Leasú 21

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Má mheasann Ballstát go **bhfuil an leibhéal a ghlactar le híocaíochtaí** in airgead tirim **ar leibhéal a dhéanann dochar don ghlacadh éigeantach le nótaí bainc agus monaí euro** nó nach bhfuil rochtain leordhóthanach agus éifeachtach ar airgead tirim á **áirithiú**, léireoidh sé ina thuarascáil bhliantúil na bearta feabhais a gheallann sé a dhéanamh chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8. Tiocfaidh na bearta feabhais i bhfeidhm gan moill mhíchuí.

*Leasú*

4. Má mheasann Ballstát go **mbaintear an bonn ó ghlacadh éigeantach íocaíochtaí** in airgead tirim nó nach bhfuil rochtain leordhóthanach agus éifeachtach ar airgead tirim á **háirithiú**, léireoidh sé ina thuarascáil bhliantúil na bearta feabhais a gheallann sé a dhéanamh chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8. Tiocfaidh na bearta feabhais i bhfeidhm gan moill mhíchuí.

Or. en



## Leasú 22

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar na tuarascálacha bliantúla i ndlúthchomhar leis an mBanc Ceannais Eorpach. Má dhealraíonn gur neamh-leordhóthanach iad na bearta feabhais a mhol Ballstát de bhun mhír 4, nó má mheasann an Coimisiún nach bhfuil an glacadh le hairgead tirim nó rochtain leordhóthanach agus éifeachtach ar airgead tirim i mBallstát i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 d'ainneoin thorthaí na tuarascála bliantúla, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena bhforáiltear do bhearta leordhóthanacha agus comhréireacha a ghlacfaidh an Ballstát lena mbaineann laistigh den sprioc-am a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme faoi seach. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 11.

*Leasú*

5. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar na tuarascálacha bliantúla i ndlúthchomhar leis an mBanc Ceannais Eorpach. Má dhealraíonn gur neamh-leordhóthanach iad na bearta feabhais a mhol Ballstát de bhun mhír 4, nó má mheasann an Coimisiún nach bhfuil an glacadh le hairgead tirim nó rochtain leordhóthanach agus éifeachtach ar airgead tirim i mBallstát i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 d'ainneoin thorthaí na tuarascála bliantúla, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena bhforáiltear do bhearta leordhóthanacha agus comhréireacha a ghlacfaidh an Ballstát lena mbaineann laistigh den sprioc-am a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme faoi seach. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 11. ***Agus na gníomhartha cur chun feidhme sin á n-ullmhú aige, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach.***

Or. en

## Leasú 23

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 10 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in *Airteagal 6* a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***neamhchinntithe ama amhail*** ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

*Leasú*

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in *Airteagal 6* a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***cúig bliana*** ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. ***Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh gach***

*tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.*

Or. en

## Leasú 24

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 10 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfead deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.**

*Leasú*

*scriosta*

Or. en

## Leasú 25

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 10 – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse **1 mhí** amháin tar éis fógra faoin ngníomh sin a**

*Leasú*

**6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse **trí mhí** amháin tar éis fógra faoin ngníomh sin a**

thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú **1 mhí amháin** ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú **de thrí mhí** ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Or. en